# #CohesionAlliance

AR SON BEARTAS LÁIDIR COMHTHÁTHAITHE AE

**Glao comhpháirteach**

Beartas Comhtháthaithe athnuaite tar éis 2027 nach bhfágaidh aon duine ar lár

Iarraimidne, ionadaithe tofa na réigiún agus na gcathracha ar fud na hEorpa, ar na hinstitiúidí Eorpacha agus ar na rialtais náisiúnta **clár oibre cuimsitheach de chuid an Aontais a cheapadh a chuirfidh neartú an chomhtháthaithe shóisialta, eacnamaíoch agus chríochaigh ina chroílár**.

Tá na cuspóirí céanna againn, is iad sin an rathúnas inbhuanaithe agus an dea-bhail a áirithiú do chách i sochaí atá ag éirí níos digitithe; an aeráidneodracht a bhaint amach agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú; agus aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an athraithe dhéimeagrafaigh. Éilítear le clár oibre claochlaitheach den saghas sin go mbeadh ceannaireacht pholaitiúil agus fís chomhtháite ar an uile leibhéal agus eatarthu. Ba cheart an Comhaontú Glas agus an Clár Oibre Digiteach a bheith mar theoirphrionsabail ag an Aontas i gcónaí. Mar sin féin, ní mór aird níos mó a thabhairt ar chúinsí áitiúla agus iad á gceapadh agus á gcur chun feidhme. Is iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bhíonn ag dul i ngleic leis na dúshláin lena mbaineann lá i ndiaidh lae agus iadsan atá freagrach as beagnach leath den infheistíocht phoiblí i mBallstáit an Aontais. Tá ról ríthábhachtach acu chun go n-éireoidh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

**Is é an Beartas Comhtháthaithe a nascann an Eoraip le chéile**. A bhuí leis, is féidir an uile dhuine a spreagadh agus a thabhairt isteach san iarracht chun cáilíocht saoil níos fearr a áirithiú do chách, gan aon duine a fhágáil ar lár, cibé áit a bhfuil cónaí orthu agus is cuma cár rugadh iad. Táimid suite de go bhfuil breisluach fíor riachtanach ag baint leis agus gur féidir na rioscaí a bhaineann leis an deighilt chríochach agus shóisialta idir na Ballstáit agus laistigh díobh, deighilt atá ag dul i méid, a mhaolú a bhuí leis.

**Iarraimid, dá bhrí sin, go leanfadh an Beartas Comhtháthaithe de bheith ina cholún bunúsach de shamhail forbartha an Aontais agus den phríomhbheartas infheistíochta díláraithe fadtéarmach faoi chuimsiú Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais tar éis 2027**. San am céanna, ba cheart an Beartas Comhtháthaithe a bheith solúbtha a dhóthain chun freagairt d'fhorbairtí gan choinne.

**Chun aghaidh a thabhairt go cuí ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann san am atá romhainn, táimid i bhfabhar Beartas Comhtháthaithe athnuaite don tréimhse tar éis 2027, agus é bunaithe ar na prionsabail seo a leanas**:

1) **Ba cheart an Beartas a bheith ar fáil do na réigiúin, na cathracha agus na bardais uile. Tá tábhacht leis an uile 'críoch', is cuma má tá siad suite i dtíortha saibhre nó i dtíortha bochta**. Is bunriachtanas an méid sin más uainn margadh aonair dea-fheidhmiúil a áirithiú do mhuintir na hEorpa ar fad. Is den ríthábhacht é go leanfaidh an tAontas de bheith aontaithe, agus a cheannaireacht dhomhanda agus a iomaíochas á neartú san am céanna. Ba cheart an Beartas Comhtháthaithe a bheith ar an mbeartas is mó de chuid an Aontais, go gcuirtear soláthar seirbhísí poiblí áitiúla agus réigiúnacha atá tíosach ar acmhainní ina chroílár agus go tacaítear leis an infheistíocht phoiblí áitiúil ar mhaithe leis an uile dhuine.

2) **Ba cheart cuidiú leis an gcomhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach a dhaingniú faoi chuimsiú bheartas tionsclaíoch nua an Chomhaontaithe Ghlais agus de réir neamhspleáchas straitéiseach an Aontais**. Murab ionann is riamh, ní mór don Aontas dul i ngleic leis na gaistí forbartha atá le feiceáil i roinnt mhaith ceantar fud fad na hEorpa. Ba cheart Beartas Comhtháthaithe athnuaite a cheapadh mar ionstraim chumhachtach

QG-05-24-282-GA-N | ISBN: 978-92-895-3475-8 | DOI:10.2863/331584

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

a mbeadh sé d'aidhm aici leas a bhaint as acmhainneacht eacnamaíoch gach aon chuid den Aontas agus an nuálaíocht áitbhunaithe a chur chun cinn sa chiall is leithne den téarma.

3) **Ba cheart an Beartas a bheith treoraithe ag sprioc uileghabhálach an aistrithe chóir. Beidh tionchar ag an gclaochlú i dtaca leis an aeráidneodracht ar gach ceantar, beag beann ar na saintréithe atá acu. D'fhéadfadh sé go mbeadh tuilleadh éagothromaíochtaí agus iarmhairtí sóisialta míchothroma ann mura mbainisteofaí é i gceart**. Is éagsúil na láidreachtaí, an acmhainneacht agus na hacmhainní riaracháin atá ag gach uile cheantar chun dul i ngleic leis an gclaochlú sin. Tá cuid díobh níos leochailí ná a chéile. Beidh orainn aird faoi leith a thabhairt ar na réigiúin sin atá ag brath go mór ar thionscail dianfhuinnimh, ach é á chur san áireamh, áfach, go bhfuil lorg comhshaoil ag gach tionscal. Iarraimid go tabharfaí isteach Beartas Comhtháthaithe athnuaite tar éis 2027 lena dtacófar le réitigh shaincheaptha, bunaithe ar phrionsabail an aistrithe chóir agus atá ar fáil do gach réigiún i ngach cearn den Eoraip.

4) **Ba cheart cur le réitigh áitbhunaithe: is mór an áis éagsúlacht na gcríoch san Aontas**. Ó cheantair inar tearc an daonra go dtí na ceantair sin a bhfuil míbhuntáistí móra, buana nó nádúrtha acu, ó chathracha agus ceantair uirbeacha go ceantair thuaithe, ó réigiúin fhorimeallacha, oileáin, réigiúin chósta, réigiúin trasteorann, réigiúin shléibhe agus réigiúin fhorimeallacha go dtí réigiúin láir, tá dúshláin an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus an athraithe dhéimeagrafaigh le sárú ag gach ceann díobh. Níl aon réiteach ann a oireann do chách. Ní mór Beartas Comhtháthaithe dea-cheaptha a bheith solúbtha a dhóthain chun go mbeifear in ann straitéisí a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil atá oiriúnaithe dá limistéar féin agus cuspóirí polaitiúla foriomlána an Aontais á gcomhlíonadh san am céanna, laistigh de chreat cobhsaí intuartha. Uirlisí fíor-riachtanacha is ea ionstraimí críochacha amhail forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail agus infheistíocht chríochach chomhtháite chun an ghníomhaíocht chuimsitheach áitbhunaithe sin a fhorbairt.

5) **Ba cheart cur le prionsabail bhunúsacha an Bheartais, mar atá, bainistíocht chomhroinnte, comhpháirtíocht láidir leis an uile chuid den tsochaí, rialachas il-leibhéal atá bunaithe ar fhíor idirphlé idir na húdaráis áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha**. Iarraimid go ndéanfaí bearta chun an ilroinnt i gcistiú an Bheartais Comhtháthaithe a shárú agus chun creat coiteann láidir a cheapadh bunaithe ar shineirgí agus ar chomhlántachtaí cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte.

6) **Ba cheart an Beartas a bheith bunaithe ar chultúr nua muiníne idir na leibhéil éagsúla rialtais san Aontas**. Chuirfeadh cur chuige athnuaite den saghas sin le híomhá níos dearfaí den Aontas Eorpach a chothú. Ba cheart don Choimisiún Eorpach comhairliúchán fadréimseach a sheoladh, sin agus measúnú ar na bearta simpliúcháin atá déanta ó na 1990idí i leith, agus iad a chur i gcomparáid le cláir eile de chuid an Aontais. Ba cheart an Beartas Comhtháthaithe a mheas ó thaobh an tionchair iarbhír atá aige ar shaol mhuintir na hEorpa, seachas ar an luas ar a gcuirtear cistí ar fáil.

7) **Ba cheart an comhar críochach a neartú agus tacú leis an nuálaíocht chríochach agus an daonlathas**. Is maith follasach a thábhachtaí atá an Beartas Comhtháthaithe a mhéid a bhaineann le tacú leis an gcomhar trasteorann, idirréigiúnach agus trasnáisiúnta agus le straitéisí macrairéigiúnacha chun feabhsuithe nithiúla a dhéanamh i saol laethúil na ndaoine. Cuireann comhpháirtíochtaí maidir le nuálaíocht réigiúnach agus straitéisí um speisialtóireacht chliste deiseanna ar fáil chun claochlú socheacnamaíoch cuimsitheach a chothú ar an leibhéal áitiúil.

8) **B'fhearr 'gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú': ba cheart do bheartais uile an Aontais tacú le neartú an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh**. Ní foláir do na hinstitiúidí Eorpacha a áirithiú go bhfuil na cláir agus na beartais i gcomhréir le chéile ó chéim an dearaidh go dtí céim an chur chun feidhme agus go dtugtar aghaidh ar na tionchair chríochacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann, agus aon ualaí riaracháin a laghdú san am céanna.

Iarraimid ar an bpobal i gcoitinne, ar cheardchumainn, ar ghnólachtaí agus ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith páirteach inar gcuid iarrachtaí chun Eoraip chóir nach bhfágfaidh aon duine ar lár a bhaint amach.

Sínigh an t-achomharc!

AER Assembly of European Regions · AEBR – AGEG – ARFE · CALRE · CPMR CRPM · CCRE CEMR Local & Regional Europe · EUROCITIES · Coiste Eorpach na Réigiún